Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**14575/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0267(NLE)**

**PROBA 46**
**AGRI 536**
**WTO 99**
**DEVGEN 193**
**FORETS 106**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022 |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(3) agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) …/… ón gComhairle[2+],síníodh Comhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022 ('an Comhaontú') an …[++], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) De bhun an Chomhaontaithe, ba cheart don Aontas, tar éis formheas a fháil, a inniúlacht eisiach ar ábhair a rialaítear leis an gComhaontú a dhearbhú agus dearbhú a thaisceadh leis an Taiscí.

(3) Ba cheart an Comhaontú agus an Dearbhú Inniúlachta atá i gceangal leis an gCinneadh seo a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

2 Cinneadh (AE) 2026/… ón gComhairle an … maidir le síniú an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Caife 2022 (IO L, /…, ELI: /… ).

+ IO: cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 14572/25 agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Chinnidh sin san fhonóta.

++ IO: cuir isteach sa téacs, le do thoil, dáta sínithe an Chomhaontaithe.

*Airteagal 1*

Leis seo, formheastar Comhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022 ('an Comhaontú')[3].

*Airteagal 2*

Formheastar leis seo an Dearbhú Inniúlachta, atá i gceangal leis an gCinneadh seo, a cheanglaítear le hAirteagal 44(4) den Chomhaontú.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[3] Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in …

DEARBHÚ INNIÚLACHTA ÓN AONTAS EORPACH
I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAL 44(4)
DE CHOMHAONTÚ IDIRNÁISIÚNTA CAIFE 2022

I gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022, dearbhaíonn an tAontas Eorpach, i gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go dtagann na hábhair a rialaítear leis an gComhaontú faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh faoin gcomhbheartas tráchtála agus, dá bhrí sin, ní bheidh an Comhaontú á dhaingniú ag na Ballstáit.